


# Seachtain na Gaeilge le enErgia

1-17 MÁRTA 2021

# LÁMHLEABHAR NA SCOILEANNA

WWW.SNAG.IE

@SnaGaeilge #SnaG21

Grá don Ghaeilge

Conradh na Gaeilge
Le tacaíocht ó Foras na Gaeilge
RTÉ
BAI Údarás Craolacháin na hÉireann
TG4




## Is cumhacht na teanga tú!

Áthas orainn tacaíocht a thabhairt do Sheachtain na Gaeilge le Energia 2021

**www.energia.ie**

# Clár | Contents

4. Fáilte | Welcome
5. Ambasadóirí | Ambassadors
6. Imeachtaí | Events
10. Na Meáin Shóisialta | Social Media
12. Tráth na gCeist | Quiz
18. Cluichí | Games
20. Ábhair Thacaíochta | Support Materials

# Teagmháil | Contact

Conradh na Gaeilge

Ó Dheas : SnaG, 6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2
+3531 4757401 | snag@cnag.ie

Ó Thuaidh: SnaG, Gaeláras Mhic
Ardghail, Cnocán Phádraig Naofa,
6B Sráid an tSéipéil Uacht, An tIúr,
Co an Dúin BT32 2DS
+3531 4757401 | snag@cnag.ie

# Fáilte ó fhoireann Sheachtain na Gaeilge le Energia










A chairde,

Bhur gcéad míle fáilte go lámhleabhar scoileanna Sheachtain na Gaeilge le Energia 2021.

Welcome to the Seachtain na Gaeilge le Energia' school handbook 2021.

Buail lenár n-ambasadóirí, faigh eolas faoin bhféile agus smaointe le gur féidir libhse páirt a ghlacadh san fhéile Ghaeilge is mó ar domhain!

Meet our ambassadors, get information about the festival and ideas on how you can take part in the world's biggest Irish language festival!

Tá tuilleadh áiseanna ar fáil ar shuíomh na féile www.snag.ie mar aon lenár siopa chun ábhair thacaíochta don fhéile a cheannach.

More resources are available on our website, www.snag.ie, as well as our shop where you can buy some of our support materials for the festival.

Foireann Sheachtain na Gaeilge le Energia

Tuigimid go bhfuil féile an-éagsúil ós ár gcomhair i mbliana agus tá súil againn go bhfuil ábhair sa leabhrán seo a chuideoidh le múinteoirí Seachtain na Gaeilge le Energia a cheiliúradh. Tá roinnt acmhainní breise forbartha againn atá ar fáil ar s nag.ie le cuidiú le tuismitheoirí tuilleadh Gaeilge a úsáid sa bhaile sa thréimhse deacair seo.

Ba mhaith le Conradh na Gaeilge ár mbuíochas a ghabháil leis na múinteoirí iontacha fud fad na cruinne a ghlacann páirt i Seachtain na Gaeilge le Energia gach bliain & go háirithe don obair mhór atá curtha isteach agaibh ag eagrú imeachtaí fíorúla don fhéile i mbliana.



Dr.Niall Comer,
Uachtarán Chonradh na Gaeilge

# Cuir aithne ar ambasadóirí Sheachtain na Gaeilge le Energia 2021



Is amhránaí í Imelda ó Bhaile Átha Cliath atá ag cur fuithi in Londain. Gaeilge adds to our identity as Irish people. For someone like me returning to the language, after a rocky start, it's important that we embrace the language and aren't afraid of making mistakes. Beatha teanga í a labhairt.''

**Imelda May**
**Amhránaí**



In 2019, Declan was appointed as an ambassador for the GAA's Fáinne plan to encourage the use of the Irish language at events. Dar leis, "is cuid mhór í an Ghaeilge dár n-oidhreacht agus dár gcultúr, agus is fiú do chúpla focal a úsáid".

**Declan Hannon**
**Iománaí**



Is láithreoir raidió agus teilifíse í Bláthnaid Treacy. During Seachtain na Gaeilge le Energia she hopes to "make people feel proud of their Gaeilge and make them more comfortable using and speaking it, Mol an óige agus tiocfaidh sí''

**Bláthnaid Treacy**
**Láithreoir**

# Imeachtaí | Events

## Tráth na gCeist | Quiz

Is féidir Tráth na gCeist spraíúil a eagrú go héasca. Tá go leor ceisteanna ar fáil sa lámhleabhar seo agus ar ár suíomh www.snag.ie. Tá na ceisteanna oiriúnach do ranganna éagsúla. Is smaoineamh maith é duaiseanna beaga a fháil do na buaiteoirí.

It is very easy to organise a fun quiz. There a lots of questions available in this booklet and on our site www.snag.ie.
The questions are suitable for different classes.
It's a good idea to provide little prizes for the winners.

## Comórtais | Competitions

Eagraíonn Seachtain na Gaeilge le Energia go leor comórtas don fhéile. Tá na comórtais oiriúnach do dhaltaí bunscoile, iar-bhunscoile agus ógchlubanna. Tá liosta de na comórtais ar fad maraon leis na rialacha ar fáil ar www.snag.ie.

Seachtain na Gaeilge le Engeria organises competitions for the festival. The competitions are suitable for primary schols, post-primary schools and youth clubs. A full list of competitions and rules can be found at www.snag.ie.

## Codáil | Coding

Is féidir le daltaí a scileanna ríomhaireachta a fheabhsú le codáil. Tá an bogearra 'Scratch' ar fáil trí Ghaeilge agus is féidir é a íoslódáil saor in aisce ar líne.

Pupils can improve their computer skills with coding.
The Software Sratch is available in Irish.
it can be downloaded for free online.

Seachtain na Gaeilge le energia

RTÉ

Raidió. Teilifís. Ar Líne. Fon Póca.

**rte.ie/gaeilge**

# SEÓ ~~BÓTHAIR~~ Baile CHONRADH NA GAEILGE

beo ar líne!







**CÉARD É?** Ceardlann dírithe ar an nGaeilge a chur chun cinn i mbealach taitneamhach.

**CÉN FÁTH?** Tá an t-uafás buntáistí agus deiseanna ag baint leis an nGaeilge agus ba bhreá linn iad a roinnt leis na daltaí.

**CÉ DÓIBH ATÁ SÉ?** Tá an seó dírithe ar dhaltaí meánscoile sa Ghaeltacht agus lasmuigh de.

**CAD FAOI COVID?** Mar gheall ar Covid-19 tá athruithe déanta againn ar an 'Seó Bóthair' ionas go mbeidh sé ar fáil ar bhealach sábháilte. Mar sin, tá 3 rogha againn don Seó Bóthair i mbliana - Ceardlann sa scoil, ceardlann ar líne agus ceardlann ar líne do scoileanna le linn na cianfhoghlama.*

OIRTHEAR & TUAISCEART: RÓISÍN - ROISIN.NIMHORAIN@CNAG.IE
IARTHAR, DEISCEART & GAELTACHT: EVE - EVE@CNAG.IE

**TUILLEADH EOLAIS: WWW.CNAG.IE/SEOBOTHAIR**

GLUAISEACHT
Saol | Gairm | Pobal | Teaghlach

le Tacaíocht ó:
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht
STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030

# Imeachtaí | Events

## Dráma | Drama

**Is deis iontach í Seachtain na Gaeilge le Energia dráma a chur ar siúl os comhair na scoile. Is féidir dráma atá ann cheana a léiriú, ceann úr a scríobh nó ceann i dteanga eile a aistriú.**

Seachtain na Gaeilge le Energia is a great opportunity to stage a play for the whole school. You could produce one that is already in Irish, write a new one or even translate a play into Gaeilge.

## Ióga | Yoga

**Is féidir rang ióga a chur in oiriúnt do ranganna eagsúla trí Ghaeilge. Tá go leor buntaistí ag baint le ióga. Deirtear go laghdaítear strus tríd ióga a dhéanamh, go gcuidítear le fadhbanna codlata agus imní, agus go cuireann sé le do leibhéal fuinneamh chomh maith.**

Yoga classes can be made suitable for different abilties. There are many benefits to yoga. it's said that yoga can reduce stress, sleeping problems and anxiety, and that it can increase energy levels.

## Lá Scannánaíóchta | Film Day

**Is féidir lá scannánaíochta a eagrú go héasca agus taitníonn sé go mór le daltaí. Tá go leor scannán iontacha ar fáil as Gaeilge anois. Is féidir an lá a eagrú sa scoil nó iarr ar do phictiúrlann áitiúil scannán Gaeilge a chur ar fáil don fhéile.**

It's very easy to organise a film day and pupils really enjoy it. There are lots of films available in Irish now. You can organise thr film day in the school or ask your local cinema to provide a film in Irish dor the festival.

Seachtain na Gaeilge le enErgia

# Lá na Meán Sóisialta

Céadaoin 10ú Márta

#LNMS21

| **Ceardlanna bunscoile** | **Seisiún 1** | **Seisiún 2** |
|---|---|---|
| Ceardlanna Raidió le Raidió Rí-Rá | 10:00 | 11:00 |
| Ceardlann Scratch le TechSpace | 10:00 | 11:00 |
| Seisiún aclaíochta le StrongSaol | 10:00 | 11:00 |

| **Ceardlanna iar-bhunscoile** | **Seisiún 1** | **Seisiún 2** |
|---|---|---|
| Ceardlann Raidió le Raidió Rí-Rá | 14:00 | 15:00 |
| Ceardlann Scratch le TechSpace | 14:00 | 15:00 |
| Na Meáin Shóisialta le StrongSaol | 14:00 | 15:00 |

Conradh na Gaeilge

Le tacaíocht ó Foras na Gaeilge



# GAEILGE AR NA MEÁIN SHÓISIALTA

# USING IRISH ON SOCIAL MEDIA

- Athraigh teanga do chuntais go Gaeilge
- Bí páirteach i ngrúpaí Facebook cosúil le Gaeilge Amháin
- Postáil i nGaeilge ar leathanach an ghrúpa, agus ar do leathanach féin

- Change your language setting to Irish
- Take part in Irish-language groups on Facebook like Gaeilge Amháin
- Post in Irish on your group's Facebook page, and on your own page

- Athraigh teanga do chuntais go Gaeilge
- Bain úsáid as na haischlibeanna #Gaeilge agus #Gaeltacht
- Glac páirt i Lá na Meán Sóisialta

- Change your language setting to Irish
- Use the hashtags #Gaeilge and #Gaeltacht
- Take part in Social Media Day in Irish

- Lean cuntais Ghaeilge ar nós CnaGaeilge and TG4TV
- Bain úsáid as scagairí Gaeilge ar do ghrianghraif
- Úsáid an haisclib #Gaeilge ar phictiúir

- Follow Irish-language accounts like CnaGaeilge and TG4TV
- Use Irish-language filters on your photos
- Use the #Gaeilge hashtag on pictures

- Lean cuntais Ghaeilge cosúil le Raidió
- Rí-Rá, Seachtain na Gaeilge, Conradh na Gaeilge
- Glac grianghraif d'ábhar i nGaeilge

- Follow Irish-language accounts like
- Raidió Rí-Rá, Seachtain na Gaeilge, and Conradh na Gaeilge
- Take photos of Irish-language material

## An Síneadh Fada

ÁáÉéÍíÓóÚú

### GUTHÁN

Coinnigh do mhéar ar an nguta le síneadh fada a aimsiú ar an bhfón

### ON YOUR MOBILE

Hold your finger down on the vowel to find and select an accent on your phone

### RÍOMHAIRE

Brúigh ALT GR + an guta le chéile (PC)
Brúigh CTRL + an guta le chéile (Mac)

### ON YOUR COMPUTER

Press ALT GR + the vowel together (PC)
Press CTRL + the vowel together (MAC)

## Léibhéal A

| | |
|---|---|
| 1. Cé mhéad cos atá ar dhamhán alla? | 8 |
| 2. Cén dathanna atá i mbrat na hÉireann? | Glas, Bán, Oráiste |
| 3. Cé a scríobh na leabhair Harry Potter? | J.K Rowling |
| 4. Cad is ainm d'Uachtarán na hÉireann? | Michael D. Higgins/ Micheál D. Ó hUiginn |
| 5. Cé mhéad sreang atá ar veidhlín? | Ceithre |
| 6. Cén contae ina bhfuil Conamara? | Gaillimh |
| 7. Cé mhéad uair atá i lá amháin? | Fiche ceathair |
| 8. Cén dath a bhíonn ann má mheascann tú gorm agus buí? | Glas |

| | |
|---|---|
| 1. Cé mhéad duilleog atá ar sheamróg? | 3 |
| 2. Cárb as do Niall Horan? | An Muileann gCearr/ Contae na hIarmhí |
| 3. Cén dath iad 'Smurfs'? | Gorm |
| 4. Cé mhéad taobh atá ar chearnóg? | 4 |
| 5. Cén dáta é Lá Fhéile Pádraig? | 17ú Márta |
| 6. Cén tír ina bhfuil Nua Eabhrac? | Meiriceá |
| 7. Litrigh 'Scoil' | Scoil |
| 8. Cad í príomhchathair Shasana? | Londain |

| | |
|---|---|
| 1. Cárb as do Justin Bieber? | Ceanada (Ontario) |
| 2. Cad é an sliabh is airde ar domhan? | Everest |
| 3. Cé mhéad imreoir a bhíonn ar fhoireann cispheile? | Suas go dáréag |
| 4. Cad is brí leis an bhfocal 'merci' sa Fhraincis? | Go raibh maith agat |
| 5. Laighin, Mumha, Connachta agus _______. | Ulaidh |
| 6. Fíor nó bréagach?: Tá trí chroí ag ochtapas | Fíor |
| 7. Cén ghairm atá ag Ariana Grande? | Amhránaí |
| 8. Cad é an contae is lú in Éirinn? | An Lú |

## Léibhéal B

| | |
|---|---|
| 1. Cén teanga a labhraítear sa Bhrasaíl? | An Phortaingéilis |
| 2. Cé mhéad cnámh atá ag soirceanna? | Níl aon cheann |
| 3. Cad is ainm don bhanphríonsa sna scannáin Shrek? | Fiona |
| 4. Cé mhéad ollscoil atá i mBaile Átha Cliath? | Ceithre |
| 5. Cé a rinne péinteáil 'The Mona Lisa'? | Leonardo DaVinci |
| 6. Cad a thosaigh ar dtús: Réabhlóid na Fraince nó Réabhlóid Mheiriceá? | Réabhlóid Mheiriceá |
| 7. Cé mhéad stát atá i Meiriceá? | 50 |
| 8. Cad í príomhchathair na Spáinne? | Maidrid |

| | |
|---|---|
| 1. Cé mhéad bliain a bhíonn i dtéarma Uachtaránachta in Éirinn? | 7 |
| 2. Cé mhéad scannán Harry Potter atá ann? | 8 |
| 3. Cad é an t-orgán is mó sa chorp? | An craiceann |
| 4. Cad é siombail náisiúnta na hÉireann? | Cláirseach/Cruit |
| 5. Cé a bhunaigh Facebook? | Mark Zuckerberg |
| 6. Cárb as do Cristiano Ronaldo? | An Phortingéil |
| 7. Tá dhá dhath ar bhrat na Sualainne, cad iad? | Gorm agus buí |
| 8. Cad is ainm don sióg in Peter Pan? | Tinkerbell |

| | |
|---|---|
| 1. Cé mhéad Rí a bhíonn i bpaicéad cártaí? | 4 |
| 2. Cén contae a bhfuil Tayto Park ann? | Contae na Mí |
| 3. Cé mhéad taobh atá ag peinteagán? | 5 |
| 4. Cé a bhí mar an gcéad Uachtarán ar Éirinn? | Dubhghlas de hÍde/ Douglas Hyde |
| 5. Cad é fréamh chearnach 9? | 3 |
| 6. Cén contae a bhfuil an méid is mó de chraobh iomanaíochta na hÉireann (craobh Liam Mac Carthaigh) bainte amach acu? | Cill Cheannaigh |
| 7. Cé mhéad uair a' chloig atá ann i gceithre lá? | 96 |
| 8. Críochnaigh an nath seo: 'Níl aon tinteán….' | … mar do thinteán féin |

## Léibhéal C

1. Cé hé príomhamhránaí Coldplay? — Chris Martin
2. Cén deoch dhraíochta, in Harry Potter agus an Prionsa leathfholúil, ina ndeonaítear ádh ar an té a ólann í? — Felix Felicis
3. Cén tír arb as do Novak Djokovic? — An tSeirbia
4. Cén chathair inár tiónaladh na chéad chluichí Oilimpeacha? — An Aithin, sa Ghréig
5. Cé mhéad ama a cheadaítear le liathróid ghailf atá caillte a aimsiú agus tú ag imirt gailf? — 5 nóiméad
6. Cén cineál ainmhí é 'Sid' sa scannán Ice Age? — Spadán
7. Cad í príomhchathair na hElvéise? — Bern
8. Cad iad dathanna na bhfáinní Oilimpeacha? — Gorm, Buí, Dubh, Glas, Dearg


1. Cén tír arb as do Paddington Bear? — Peru
2. Cén tír inar aimsíodh an víreas corónach inti? — An tSín
3. Ainmnigh an leacht a tháirgeann bláthanna chun feithidí a mhealladh. — Neachtar
4. Cén tír ina bhfuair Marilyn Monroe bás inti? — Na Stáit Aontaithe
5. Cén bhliain a dtáinig deireadh leis an Dara Cogadh Domhanda? — 1945
6. Cad iad na cúig chéadfa bhunúsacha atá ag daoine? — Boladh, Blas, Éisteacht, Radharc, & Mothú
7. Críochnaigh an seanfhocal seo, 'An té a bhíonn siúlach _____ __ ________' — 'Bíonn sé scéalach'
8. Cad é an príomhthoradh in Ribena? — Cuirín Dubh


1. Cén spórt a d'imir Michael Jordan? — Cispheil
2. Cén t-ainm a thugtar ar ghrúpa iasc? — Scoil Éisc
3. Cén saghas bia iad 'Brie' agus 'Camembert'? — Cáis
4. Cén tír a bhfuil an tiúilip mar bhláth náisiúnta acu? — An Ollainn
5. Cé mhéad mór-roinn atá ar domhan? — 7 mór-roinn
6. Cén bhliain a dtáinig an cluiche iomráiteach Fortnite ar an bhfód? — 2017
7. Cé mhéad croí atá ag ochtapas? — 3 chroí
8. Cé mhéad atá i ndosaen báicéara? — 13

# Dath de réir uimhreacha | Colour by Numbers

**Dath le huimhreacha chun na pictiúir a fháil**

Colour by numbers to find the pictures!




Seachtain na Gaeilge le energia

# Cuardach focal | Word Search

**An féidir leat na 6 bhfocal thíos a aimsiú?**
Can you find the 6 words below?

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| F | M | A | E | N | N | I | U | F | M | R | A | A | E | F | E |
| A | E | A | T | H | B | H | U | A | N | A | I | L | T | U | T |
| I | C | I | S | C | O | I | N | C | C | A | C | I | I | I | I |
| N | E | D | R | D | T | H | J | I | D | B | D | A | A | N | A |
| B | S | E | E | M | E | X | A | P | R | O | E | S | U | N | U |
| H | F | C | F | F | G | F | E | L | Y | U | P | R | N | E | F |
| U | R | I | O | N | E | H | L | X | N | M | G | U | H | A | E |
| A | N | T | R | I | R | H | A | H | E | A | H | H | T | M | I |
| N | G | L | A | S | L | I | N | O | I | I | I | C | A | H | R |
| A | A | O | S | C | A | I | L | J | I | J | J | H | N | J | M |
| I | E | A | G | U | S | T | E | H | I | T | K | T | I | I | O |
| T | L | O | A | R | A | S | T | L | L | L | H | A | R | L | R |
| H | M | G | L | O | I | N | N | E | A | R | M | E | I | M | I |
| E | N | O | S | A | L | G | H | M | A | E | N | N | I | U | F |
| P | G | R | I | A | N | C | H | U | M | H | A | C | H | T | A |
| X | I | M | I | R | T | A | G | P | P | E | L | L | E | P | E |

**In-Athnuaite** Renewable
**Grianchumhacht** Solar Power
**Feirm ghaoithe** Wind Farm
**Fuinneamh glas** Green Energy
**Athchúrsáil** Recycle
**Inbhuanaithe** Sustainable

Seachtain na Gaeilge le energia

## Léibhéal D

| | |
|---|---|
| 1. Cé hí údar an úrscéil cháiliúil ‘Pride and Prejudice?’ | Jane Austen |
| 2. Cén chuid dá chorp a raibh árachas ag Charlie Chaplin air? | A chosa |
| 3. Cén fíor-ainm atá ag an gceoltóir ‘Lady Gaga’? | Stefani (Joanne Angelina) Germanotta |
| 4. Cé atá mar charactar grinn Alan Partridge? | Steve Coogan |
| 5. Cé mhéad pláinéad atá mar chuid dár gcóras gréine? | 8 |
| 6. Cad é príomhchathair Barbadós? | Bridgetown |
| 7. Cé mhéad cnámh atá sa chorp? | 206 |
| 8. Cén pláinéad is gaire don ghrian? | Mearcair |

| | |
|---|---|
| 1. Cén contae ina bhfuil an daonra is lú in Éirinn? | Liatroim |
| 2. Cad í an teanga is mó a labhraítear ar domhan? | Mandairín |
| 3. Cé a scríobh an t-úrscéal mór le rá ‘Normal People’? | Sally Rooney |
| 4. Cén t-ainm atá ar an múinteoir a bhí ag Matilda sa scannán? | Miss Honey |
| 5. Cad é fíorainm Hozier? | Andrew Byrne |
| 6. Cén bhliain a raibh tubaiste Chernobyl ann? | 1986 |
| 7. Cén bhliain a dtarla cath Chluain Tarbh ann? | 1014 |
| 8. Cén tír ar dtús a thug ceart vótála do mhná, in 1893? | An Nua Shéalainn |

| | |
|---|---|
| 1. Cé a d’aimsigh Peinicillin? | Alexander Fleming |
| 2. Cé a bhí mar stiúrthóir ar an scannán ‘Jaws’? | Stephen Spielberg |
| 3. Cad é ‘Pyrophobia’? | Eagla roimh thine |
| 4. Cé a ainmníodh mar an mbilliúnaí féin-déanta is óige in 2019? | Kylie Jenner |
| 5. Cad é an t-orgán is mó taobh istigh de chorp an duine? | Ae |
| 6. Cá mbeidh na Cluichí Oilimpeacha 2028 a reáchtáil? | Los Angeles |
| 7. Cén stát ina bhfuil Fort Knox suite? | Kentucky |
| 8. Cad a dhéantar tomhas air leis an scála Beaufort? | Neart na gaoithe |

# Cluichí | Games

Is bealach taitneamhach spraíúil iad cluichí chun suim a spreagadh sa Ghaeilge i measc do pháistí nó do dhaltaí.

Games are a fun and enjoyable way to encourage interest in Irish among your children or students.



Ní gá go mbeadh siad casta nó ródheacair,  is féidir leat leagan Gaeilge a chruthú de na cluichí a imríonn sibh cheana féin!

Tá frásaí curtha le chéile againn ar www.snag.ie le cabhrú leat cluiche cláir/cártaí a imirt as Gaeilge.

They don't have to be complicated or too difficult,  you can create an Irish version of a game you already play. We have put together some useful phrases on www.snag.ie to help you play a board game/cards in Irish.

Is féidir le gach duine sa teaghlach/rang páirt a ghlacadh iontu. Tá réimse leathan cluichí cruthaithe againn, ó éasca go níos dúshlánaí.

Everybody in the house/class can take part in them. We have created a wide selection of games, ranging from easy to more challenging.



# Cluichí | Games

I measc na cluichí atá ar an suíomh, tá Snap, Searáidí, Cé atá Ann, Cearnóga Scéil agus Deir Ó Grádaigh, le treoracha  as Gaeilge agus as Béarla.

Amongst the games on the site, there is Snap, Charades, Guess Who, Story Squares and Simon Says, with instructions both in Irish and English.







Is acmhainní iontacha iad na cluichí seo, ní hamháin do Sheachtain na Gaeilge ach chun an Ghaeilge a chleachtadh go spraíúil ó thús deiridh na bliana chomh maith. Is féidir na cluichí seo a íoslódáil ón suíomh idirlín www.snag.ie Bain triail astu agus cothaigh do ghrá don Ghaeilge!

These games are great resources, not only for Seachtain na Gaeilge, but to practice Irish in a fun way all year round.
These games are available to download on our website www.snag.ie Give them a try and foster your love for Irish!

# Foirm Ordaithe

Dáta : ____________
Ainm na scoile : ________________________________
Ainm an teagmhálaí :___________________________
Uimhir ghutháin an teagmhálaí : __________________
Seoladh ríomhphoist : __________________________
Seoladh don ordú : _____________________________
_______________________________________________
Íocfar as an ordú seo le :
Seic ○ Cárta Creidmheasa ○ Aistriú Bainc ○
Méid atá le híoc : ______________________
(€7 san áireamh don phostas)

## Liosta de na hÁbhair atá Uait (Cuir líon na n-ábhar ar an líne cuí)

Póstaer Náisiúnta __________
Póstaer Áitiúil __________
Balúin __________
Greamáin __________
Pinn __________
Pinn Luaidhe __________
Fáinní Eochrach __________
Bandaí Láimhe __________
Fáinní Óir __________
Fáinní Airgid __________

NÓ
is féidir ordú a
chur isteach ar líne!
SNAG.IE/SIOPA

1. Is gá íoc as na horduithe faoin spriocdháta chomh maith. Is gá seic a scríobh le "SEACHTAIN NA GAEILGE TEO" nó is féidir glaoch orainn le cárta creidmheasa, nó aistriú bainc a dhéanamh.
2. Is gá €7 a chur le haon ordú don chostas poist.

# SNAG.IE/SIOPA

## Ábhair & Praghasanna



### Póstaer Náisiúnta

Saor (Suas go dhá cheann)




### Banda Láimhe

€1 an ceann



### Balúin

10 mbalún €4
50 balún €18
100 balún €30



### Fáinní Eochracha

10 gcinn €8
50 ceann €35
100 ceann €65




### Greamáin (200 ar rolla)

1 rolla €7.50
2 rolla €12
3 rolla €15




### Fáinní (Óir & Airgid)

10 bhfáinne €40
20 fáinne €70
50 fáinne €150



### Pinn

10 bpeann €8
50 peann €35
100 peann €65



### Pinn Luaidhe

10 bpeann €8
50 peann €35
100 peann €65

Seachtain na Gaeilge le energia

www.snag.ie